# Puzail Faid Mol Mata

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Tomhais - meastachán, fad<br>*Comhtháthú – Teanga, OSIE, Na hEalaíona* |
| **Scileanna Forbartha** | • Cur i bhfeidhm agus réiteach fadhbanna - gníomhaíochtaí matamaiticiúla a phlé agus a mhíniú<br>• Cumarsáid agus cur in iúl - matamaitic a aithint sa timpeallacht |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | ard, níos airde, is airde, fada, níos faide, is faide, gearr, níos giorra, is giorra |
| **Áiseanna** | bloic, ciúbanna, páipéar, criáin, pinn luaidhe |

## Cur Síos ar an nGníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Plé ranga ar rudaí atá ard agus sainaithin iad sa timpeallacht. Taifead na torthaí. Iarrtar ar dhaltaí ciúbanna/bloic a úsáid chun túr ard a thógail, fad atá gaineamh ag dul tríd amadóir. Iarrtar ar dhaltaí a oibriú amach cé acu túr is airde agus údar a thabhairt lena bhfreagra.

### 2 Gníomhaíocht 2

Ansin, breathnaíonn daltaí ar a dtimpeallacht agus aimsíonn siad rudaí atá níos airde ná iad féin. Ní mór do na daltaí rud amháin atá i bhfad níos airde ná iad agus rud amháin atá píosa beag níos airde ná iad a aimsiú. Seasann siad in aice leis an rud chun a sheiceáil go bhfuil an rud níos airde ná iad, tugtar comparáid dhíreach air seo. Déanann na daltaí a dtorthaí a thaifeadadh.

### 3 Gníomhaíocht 3

Athdhéan Gníomhaíocht 1 agus 2 chun díriú ar an gcoincheap de 'gearr'.

### 4 Gníomhaíocht 4

Tarraingíonn daltaí pictiúr agus cuireann siad na rudaí i ndiaidh a chéile ón gceann is giorra go dtí an ceann is airde. Cuireann siad iad féin i lár an phictiúir.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad é an rud is airde a d'aimsigh tú?<br>• Cad é an rud is giorra a d'aimsigh tú?<br>• An féidir leat rud atá níos airde ná x a thaispeáint dom?<br>• An féidir leat rud atá níos giorra ná y a thaispeáint dom?<br>• An féidir leat x, y agus z a chur in ord ón gceann is giorra go dtí an ceann is faide? | • An bhfuil rudaí eile ann is féidir leat a chur i do phictiúr? Conas?<br>• Mínigh an fáth ar roghnaigh tú na rudaí seo atá níos airde/giorra ná tusa.<br>• Conas atá a fhios agat go bhfuil x níos airde/níos giorra ná tusa? |

## Difreáil

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí. Is féidir leis na daltaí rud amháin nó dhó atá níos giorra/níos airde ná iad féin a roghnú do Ghníomhaíocht 4 a bheidh le cur ina bpictiúr.